

NUASHONRÚ FMS

EAGRÁN IAR-BHUNSCOILE

EAGRÁN 12 – Nollaig 2018

FMS 2016-2020 – céard atá déanta agus céard atá le teacht?

Fáilte go heagrán a dó dhéag de Nuashonrú FMS, an e-fheasachán d'iar-bhunscoileanna..

Agus sinn leath bealaigh tríd an triú scoilbhliain de thimthriail 2016-2020 na féinmheastóireachta, is deis mhaith atá ann anois chun machnamh a dhéanamh ar a bhfuil déanta agus ar a bhfuil le teacht i bpróiseas feabhsúcháin bhúr scoile. Ceann de bhunphrionsabail na FMS ná go gcruthaítear deis do scoileanna díriú ar na réimsí tosaíochta acu féin. Ní hionann aon dá scoil, agus beidh tosaíochtaí éagsúla ag gach scoil ag pointí éagsúla. D'fhéadfadh gur gné den teagasc agus den fhoghlaim a bheadh mar thosaíocht, nó d'fhéadfadh go mbeadh tionscnamh nó straitéis náisiúnta mar bhonn le tosaíocht na scoile. Baineann an chéad alt leis an bhFoghlaim Dhigiteach agus breathnaítear ar na sineirgí atá idir FMS agus an straitéis dhigiteach. Breathnaíonn an dara halt ar an gCiste Sármhaitheas Scoile – Tionscnamh *Step-Up* agus an tslí ina bhféadfadh scoil dul tríd an tréimhse iniúchaidh má bhaineann an réimse fócais leis an tSraith Shóisearach.

I mí na Samhna agus i mí na Nollag, chuireamar cúig cinn de sheimineáir FMS ar fáil do cheannairí scoile. Bhí na rannpháirtithe an-dearfach faoin deis a thug na himeachtaí dóibh machnamh a dhéanamh ar an tslí inar féidir *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016* a úsáid chun tacú leis an bpróiseas FMS, cleachtas a roinnt agus foghlaim ó cheannairí scoile eile. Bhí scoileanna tar éis fianaise a bhailiú, anailís a dhéanamh agus pleanáil don fheabhsúchán. Tá a lán scoileanna ag insint dúinn faoi na hathruithe atá á dhéanamh sa bhfoghlaim agus sa teagasc, go háirithe i gcás na Sraithe Sóisearaí agus iad gafa leis an gcuid is tábhachtaí den phróiseas: *Gníomhú ar an bhFeabhsúchán*.

Tá súil againn go mbeidh ar ár gcumas roinnt seimineár eile a sholáthar i dtéarma an earraigh – coimeád súil ar láithreán gréasáin na FMS don eolas. Chuir cigirí tacaíocht ar fáil do scoileanna freisin le cuairteanna comhairleacha neamh-mheastóireachta FMS. Sna cuairteanna seo bíonn cigire ag obair leis an bpríomhoide agus le baill eile den fhoireann cheannaireachta chun cuidiú leis an scoil lánleas a bhaint as an bpróiseas FMS. Leanfaimid orainn ag ofráil na gcuariteanna seo i rith 2019 agus chun a leithéid a fháil, ní gá ach ríomhphost a chur chuig info@schoolself-evaluation.ie.

Chun cuidiú linn a dheimhniú go leanfaidh úsáideacht agus ábharthacht na dtacaíochtaí atá á soláthar, tá suirbhé FMS ar líne á reachtáil againn. Is mian linn cloisteáil ó phríomhoidí agus ó cheannairí scoile eile, ó mhúinteoirí, tuismitheoirí agus baill bhoird bhainistíochta faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ag scoileanna. Suirbhé gairid atá ann agus beidh sé ar oscailt go dtí an Aoine 18 Eanáir – is féidir é a rochtain [anseo](#) nó ar leathanach tosaigh láithreán na FMS.

An Chigireacht – An tAonad Tacaíochta agus Taighde don Mheastóireacht

Clár

An Foghlaim Dhigiteach agus próiseas na FMS	Ich 2
An Ciste Sármhaitheas Scoile: Tionscnamh <i>Step-Up</i>	Ich 3

An Fhoghlaim Dhigiteach agus an próiseas FMS

Tuigimid go léir anois an ról tábhachtach is féidir a bheith ag na teicneolaíochtaí digiteacha sa phróiseas foghlama agus teagaisc. Baineann scoláirí úsáid as an teicneolaíocht mar dhlúthchuid dá saol laethúil agus beidh teicneolaíochtaí mar chuid den saol ag foghlaimeoirí an lae inniu ar bhealaí gur dócha nach féidir linn a shamhlú. Tá fianaise thaighdeach mhillteanach ann freisin a léiríonn gur féidir leis na teicneolaíochtaí digiteacha eispéaras níos doimhne, níos saibhre agus níos dúshlánaí a sholáthar d'fhoghlaimeoirí. Eascaíonn ceisteanna faoin bhfoghlaim agus faoin teagasc agus éilítear athruithe inár gcleachtas ó thaobh leabú éifeachtach na foghlama digití mar chuid de na gnátheispéiris laethúla. Don fhoghlaim dhigiteach éifeachtach sna hiar-bhunscoileanna bíonn ar scoláirí teicneolaíochtaí a úsáid go gníomhach agus go comhoibríoch mar dhlúthchuid de na próisis teagaisc, foghlama agus measúnaithe.



An Straitéis Dhigiteach agus Plean don Fhoghlaim Dhigiteach

Táthar tar éis an-fhócas a dhíriú ar an bhfoghlaim dhigiteach ag leibhéal an chórais in Éirinn, lena n-áirítear forbairt na [Straitéise Digití do Scoileanna 2015 – 2020](#). Rinne na hImlitreacha a lean uaidh sin ([0001/2017](#) agus [0011/2018](#)) maoiniú bliantúil a leithdháileadh ar scoileanna go dtí 2020 chun tacú leis an infheistíocht. Iarradh ar scoileanna pleanáil d'úsáid an infheistithe seo i bhfoirm plean don fhoghlaim dhigiteach. Tacóidh plean bhúr scoile don fhoghlaim dhigiteach leis an fhoghlaim dhigiteach a leabú agus cuideoidh sé eispéiris foghlama bríocha a sholáthar do bhúr scoláirí.

Rinneadh an phleanáil don fhoghlaim dhigiteach a ailíniú d'aon ghnó leis an bpróiseas FMS. Is í an FMS an próiseas atá bunaithe do scoileanna don mhachnamh agus athbhreithniú agus chun athruithe a láimhseáil. Cuidíonn FMS breathnú conas mar atá ag éirí libh, cé na láidreachtaí agus na réimsí don fheabhsúchán atá agaibh agus conas mar is féidir an feabhsúchán seo a chur i gcrích. Is féidir úsáid a bhaint as an bpróiseas sé-chéim céanna go díreach nuair a bhíonn sibh ag breathnú ar an bhfoghlaim dhigiteach agus nuair a bhíonn sibh ag ullmhú do phlean don fhoghlaim dhigiteach.

Ar cheann de thiomantais na Straitéise Digití do Scoileanna bhí creat a fhorbairt chun cailíocht agus dul chun cinn sa bhfoghlaim dhigiteach i gCóras na hÉireann a threorú. Tá an creat a d'eascair mar thoradh, [Creat Foghlama Digití d'Iar-Bhunscoileanna](#) (CFD) ailínithe go díreach leis na réimsí agus na caighdeáin mar atá in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016*. Uirlis úsáideach í an CFD nuair a bhíonn sibh ag machnamh ar bhúr láidreachtaí, ar réimsí don fhorbairt agus ar ghníomhaíochtaí is féidir a chur i gcrích, go háirithe i réimse na foghlama digití. Tá mar bhuntáiste breise aici go mbaintear úsáid as an struchtúr agus an teanga atá in úsáid cheana in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016*.

Naisc a chruthú idir FMS agus an Fhoghlaim Dhigiteach

Tá réimse fócais, nach í an fhoghlaim dhigiteach í, aitheanta ag a lán scoileanna don FMS. Seans, mar shampla, gur é an machnamh an scoláire chun tacú le *Creat na Sraithe Sóisearaí* atá aitheanta nó d'fhéadfadh gur socraíodh díriú ar ghné den teagasc agus den fhoghlaim ar nós ceistiú éifeachtach. Cé gur fíor a rá i gcásanna dá leithéid seo gur gá plean don fhoghlaim dhigiteach mar aon le gníomhphlean don FMS a bheith agaibh, is féidir le scoileanna a dheimhniú go mbíonn a lán forluí idir an dá phróiseas.

Mar shampla, má bhíonn sibh ag díriú ar mhachnamh an scoláire don FMS, d'fhéadfaí breathnú ar an tslí ina bhféadfadh an fhoghlaim dhigiteach cuidiú libh sainghníomhaíochtaí ar leith a aithint ina mbaineann foghlaimeoirí úsáid as na teicneolaíochtaí digiteacha chun seiceáil agus machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim. Ar an mbealach céanna, má bhíonn an ceistiúchán éifeachtach aitheanta mar réimse fócais, d'fhéadfaí díriú ar an tslí inar féidir le múinteoirí teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun samplaí de cheisteanna éifeachtacha a roinnt nó, chun tionchar na gceisteanna ar scoláirí a mheas. Is féidir plé go cliste le bhúr réimse fócais FMS agus leis an riachtanas plean don fhoghlaim dhigiteach a bheith agaibh, trí shainghníomhaíochtaí ar leith a fhí isteach a fhreastalaíonn ar na tosaíochtaí atá agaibh don FMS agus don fhoghlaim dhigiteach araon.

An Fhoghlaim Dhigiteach mar réimse fócais don FMS

D'fhéadfadh go bhfuil bhúr scoil tar éis an fhoghlaim dhigiteach a aithint mar ghné den teagasc ar mhaith libh tosaíocht a thabhairt do ar fud an churaclaim agus b'fhéidir go bhfuil cinneadh déanta agat go mbeidh sé mar cheann de na réimsí fócais don phróiseas FMS. Beidh forluí go soiléir idir plean na foghlama digití agus plean feabhsúcháin na FMS i bhúr scoil agus, i ndáiríre, is féidir leis an dá phlean a bheith mar aon phlean amháin chun forfheidhmiú agus athbhreithniú a threorú ag céimeanna 5 agus 6 den phróiseas (*Plean Feabhsúcháin a Chur i bhFeidhm agus Monatóireacht ar Ghníomhartha agus Meastóireacht ar Thionchar*).

Nuair a bhítear ag pleanáil don fheabhsúchán ar úsáid na foghlama digití sa chás seo, beidh sé tábhachtach pleanáil do ghníomhaíochtaí a bhfuil nasc acu le réimsí curaclaim ar leith agus le cineálacha foghlama ar leith. Beidh na gníomhaíochtaí á bhunú agaibh ar ghnéithe den fhoghlaim agus den churaclam is gá a fheabhsú agus a bheidh níos fearr mar thoradh ar eispéiris fócasaithe ar an bhfoghlaim dhigiteach a sholáthar agus gafacht agus dúshláin a bheith ag na foghlaimeoirí, agus cuidiú leo torthaí níos fearr a bhaint amach.

Ciste Sármhaitheas Scoile: Tionscnamh Step-Up

Tosaíocht de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna atá sa Chiste Sármhaitheas Scoile (CSS) a chuireann ar chumas scoileanna páirt a ghlacadh i dtionscnaimh nuálaíocha a bhíonn comhthéacs-dhírithé agus é mar aidhm acu torthaí foghlama a fheabhsú do dhaoine óga. Níos luaithe i mbliana thug an Roinn cuireadh do scoileanna cuir isteach ar pháirt a ghlacadh sa Tionscnamh *Step-Up*. Díríonn an tionscnamh seo go sonrath ar an tslí inar féidir le scoileanna an cur chuige féinmheastóireachta a úsáid chun an tslí ina bhfuil *Creat na Sraithe Sóisearaí* á chur i bhfeidhm acu faoi láthair a athbhreithniú i gcás ceann amháin nó níos mó de na trí sainréimsí ábhar: Béarla, Staidéar Gnó agus Eolaíocht. Tá naoi scoil ar fud na tíre páirteach sa tionscnamh, atá dírithe ar thacú le scoileanna a bhfuil leibhéal éifeachtach cheana féin acu maidir le feidhmiú an *Chreata don tSraith Shóisearach* chun gluaiseacht go leibhéal ardéifeachtach. Spreagadh iad chun réimsí don fheabhsúchán a aithint agus chun cuir chuige nuálacha i leith an teagaisc, na foghlama, an mheasúnaithe agus an tuairiscithe a úsáid chun an fhoghlaim a shaibhriú. Tá tacaíocht á fháil ag scoileanna le linn an tionscnaimh ó chigirí agus ó chomhairleoirí na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM) chun gníomhaíochtaí a fheabhsóidh an réimse/na réimsí atá roghnaithe acu a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Seo mar atá ag tarlú go dtí seo:

Ag cur tús leis an turas - Iniúchadh

I mí Mheán Fómhair tháinig na naoi scoileanna le chéile chun na moltaí tosaigh a bhí acu a athbhreithniú agus chun na tuairimí agus na hionchais a bhí acu a roinnt. Ag baint úsáide as piarchóitseáil, rinne siad na moltaí *Step-Up* a bhí acu a chomhdhlúthú trí cheisteanna a chur ar nós:

- Cén fáth go bhfuil an fócas seo níos tabhachtaí ná fócais eile do do scoil?
- Cén fhianaise/ sonraí a dhírigh tú i dtreo an fhócais seo?
- Cé chomh hullmhaithe agus a mhothaíonn tú don tionscnamh seo?
- Cén réimse agus ráitis ó *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016* atá in úsáid agat mar thagarmharc?
- Cad iad na dúshláin is mó a bhainfidh leis an tionscnamh seo duitse, dar leat?
- An bhfuil aon acmhainní/ saineolas inmheánach agat a d'fhéadfadh cuidiú leis an tionscnamh?
- Cén cineál bailiúchán sonraí / scéalaíocht a shíleann tusa is éifeachtaí? Cén fáth?
- Conas mar a dhéanfaidh tú a mbíonn foghlama a roinnt i do scoil?
- Cé na sonraí a bhfuil sé i gceist agat a fháil?
- Conas mar a éireoidh leat teacht ar ghuth an scoláire?
- Cén toradh nó dhó a ba mhaith leat a ghnóthú ar dtús?
- Cén gníomhaíocht(aí) is mó a d'fhéadfadh tú a ghluaiseacht i dtreo na dtorthaí seo?

Ag gluaiseacht chun cinn

Nuair a bhí siad ar ais ina scoileanna chuaigh ceannairí na dtionscadal i mbun oibre lena bhfoirne múinteoirí chun na moltaí a bhí acu a mhínchóiriú. Rinne siad taighde ábharthach a athbhreithniú chun tacu le fócas a


dtionscnamh. Bhailigh siad fianaise agus rinne siad machnamh ar na ráitis ábhartha maidir le cleachtas éifeachtach agus ardéifeachtach do na caighdeáin ó *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016*. Tá scoileanna ag déanamh meastóireachta freisin ar chuir chuige nuálacha i leith an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe le hiad a úsáid lena bhfoghlaimoirí chun an fhoghlaim a shaibhriú. Le linn an ama seo, bhí cigirí agus comhairleoirí SSM ag obair i gcomhpháirt leis na scoileanna chun na tionscnaimh a chur chun cinn agus chun éascú a dhéanamh ar chleachtas a roinnt.

Coimeádfar sibh ar an eolas faoi aon fhorbairtí eile a bhaineann leis an Tionscnamh *Step-Up* de réir mar a leanann na scoileanna atá páirteach lena dturas *FMS Step-Up*.

Meabhrúcháin faoi Thacaíochtaí FMS

Bí ar an eolas faoi fhorbairtí a bhaineann le FMS tríd ár láithreán gréasáin agus ár láithreacht ar na meáin shóisialta.

Clliceáil ar na hIacóin thíos chun an nasc ábhartha a rochtain nó chun clárú ar ár bhfothaí ar na meáin shóisialta.



Suirbhé FMS

Tá suirbhé FMS ar líne á reachtáil againn faoi láthair chun níos mó a fhoghlaim faoin tslí ina bhfuil próiseas na féinmheastóireachta scoile ag dul chun cinn i scoileanna. Tá spéis againn cloisteáil ó phríomhoidí agus ó cheannairí scoile eile, ó mhúinteoirí, tuismitheoirí agus baill bhoird bhainistíochta. Suirbhé gairid atá ann agus cuideoidh do fhreagairt linn a dheimhniú go mbíonn aon tacaíochtaí eile a chuirfear ar fáil don FMS ábhartha agus úsáideach. Is féidir é a rochtain ar leathanach tosaigh láithreán na FMS nó trí chliceáil ar an nasc thíos.

[SUIRBHÉ](#)